



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Ciste Rialtais Áitiúil

Cuntas 2019

Clár Ábhar

Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais.....	1 - 2
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta.....	3 - 4
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas.....	5
Ráiteas ar an Staid Airgeadais.....	6
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	7
Nótaí leis an gCuntas	8 - 15
Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste	16 - 18

Cuntas an Chiste Rialtais Áitiúil 2019

Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéantar iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is é seo a leanas an seasamh i ndáil leis an timpeallacht um rialú airgeadais, le creat na nósanna imeachta riaracháin, agus le bainistiú tuairiscithe agus iniúchadh inmheánach:

An Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal i gcás gur sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhú ceartaitheach a chinntiú
- tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil ar a ndéanann lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú
- déanann lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú go rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán
- feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

Rioscaí airgeadais suntasacha

Féachann an Roinn i gcónaí do rioscaí airgeadais suntasacha agus rioscaí gnó eile i ndáil leis an gciste trí mheán Chlár Riosca na Roinne. Ní bhfuarthas riosca airgeadais suntasach ar bith ná rioscaí gnó eile i ndáil leis an gcist ar Chlár Riosca na Roinne. Is doiciméad beo é an Clár, agus nuashonraítear é le rioscaí nua-áitheanta nó le hathruithe ar rioscaí reatha a thabhairt san áireamh.

Iniúchadh Inmheánach

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a oibríonn de réir cairt cheadaithe i scríbhinn. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm leis na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta curtha ar bun chun a áirithiú go ndéanfar tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh a fhiosrú.

Sínithe: 

Dáta: 17 Samhain 2020

Graham Doyle
An tArd-Rúnaí

Cuntas an Chiste Rialtais Áitiúil 2019

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

1. Bunús na gCuntas

Bunaíodh an Ciste Rialtais Áitiúil (CRÁ) leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1998 le héifeacht ón 1 Eanáir 1999. Íoctar fáltais ón gCáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) go díreach isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá an CRÁ comhdhéanta de chuntas bainc tráchtála agus cuntas infheistíochta arna mbainistiú agus arna rialú ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacha. Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a bhainistíonn an CRÁ agus déantar na costais riaracháin ghaolmhara a ghearradh ar Vóta 34.

Ullmhaíodh an cuntas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 san fhoirm agus ar an modh atá ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Ullmhaíodh an cuntas ar bhonn fabhraithe i gcomhréir leis na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach thíos.

2. Beartas Cistithe

Is trí mheán na bhfáltas CMÁ den chuid is mó a chistítear an CRÁ, fáltais a thaisceann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim sa Chuntas Infheistíochta. Íoctar ón gcuntas bainc tráchtála na suimeanna iníoctha ón CRÁ. Aistrítear na suimeanna chuig cuntas bainc tráchtála ón gcuntas infheistíochta sula ndéantar na híocaíochtaí a íoc leis na híocaithe ábhartha.

3. Ioncam

Aithnítear ioncam chuig an gciste mar seo a leanas:

- Íocann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) go díreach isteach sa chuntas infheistíochta. Is ionann an méid a aithnítear sa bhliain agus an méid a fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim i mbliain an chuntais.
- aithnítear maoiniú státchiste ó Vóta 34, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar bhonn fáltais airgid.

4. Caiteachas

Déantar caiteachas as an gCiste i gcomhréir le halt a 6 den Acht Rialtais Áitiúil 1998 agus leis na leasuithe ina dhiaidh sin ar an Acht mar a léirítear thíos:

- caiteachas arna údarú ag an Aire
- leithdháiltí CMÁ a mheastar a bheith dlite do na húdaráis áitiúla sa bhliain 2019

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

<u>Ioncam</u>	<u>Nótaí</u>	2019 €	2018 €
Cáin Mhaoine Áitiúil	1	473,368,251	482,450,215
Maoiniú Státchiste (Vóta 34, Fotheideal C.3)	2	185,180,000	124,800,000
Aisíocaíocht LANPAG		-	25,811
Ioncam Iomlán		658,548,251	607,276,026
Caiteachas			
Íocaíochtaí Cánach Maoine Áitiúla	3	503,606,186	504,836,056
Ranníocaíocht Údarás Áitiúil le Pá agus Pinsin	4	86,000,000	59,600,000
Bonneagar Uisce	5	47,179,659	46,812,124
Nuálaíocht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil	6	2,375,063	3,067,274
Athbhreithniú ar Theorainn Rialtais Áitiúil	7	2,164,151	1,291,097
Éire Chruthaitheach	8	999,274	999,724
Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil do Chásanna Éigeandála	9	589,350	682,359
Scéim Cúitimh um Bloic Choincréite Lochtacha	10	200,000	-
Tacaíocht don Tionól Réigiúnach	11	196,331	-
An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta	12	170,994	138,773
Pobalbhreitheanna maidir le Méara a Thoghtar go Díreach	13	150,196	-
Coiste na Réigiún (Aonad Gnóthaí AE)	14	145,802	256,090
Eile	15	339,585	562,708
Caiteachas Iomlán		644,116,591	618,246,205
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain		14,431,660	(10,970,179)

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanach 3 agus 4 agus na Nótaí 1 go dtí 18.

Sínithe: 

Datá: 17 Samhain 2020

Graham Doyle
An tArd- Rúnaí

Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2019

	<u>Nótaí</u>	2019 €	2018 €
<u>Sócmhainní Airgeadais</u>			
Cuntas Infheistíochta agus Bainc		96,795,334	84,838,174
<u>Sócmhainní Reatha</u>			
Réamhíocaíocht	16	2,300,000	-
Ioncam Fabhráithe	17	58,489	104,137
		99,153,823	84,942,311
<u>Dlíteanais Reatha</u>			
Creidiúnaithe Éagsúla	18	549,975	770,123
Glansócmhainní		98,603,848	84,172,188
Arna léiriú ag			
Cúlchistí amhail an 1 Eanáir		84,172,188	95,142,367
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain		14,431,660	(10,970,179)
Cúlchistí amhail an 31 Nollaig		98,603,848	84,172,188

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanach 3 agus 4 agus na Nótaí 1 go dtí 18.

Síniú: 

Graham Doyle
An tArd- Rúnaí

Dáta: 17 Samhain 2020

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid amhail an 31 Nollaig 2019


	2019	2018
	€	€
<u>Réiteach ar bharrachas/ (easnamh) chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</u>		
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain	14,431,660	(10,970,179)
Laghdú/(Méadú) i bhFéichiúnaithe	(2,254,352)	16,118,449
(Laghdú)/Méadú i gCreidiúnaithe	(220,148)	(303,129)
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	11,957,160	4,845,141
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid		
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	11,957,160	4,845,141
(Laghdú) / Méadú ar Airgead Tirim	11,957,160	4,845,141

Réiteach ar an nglansreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí

Athruithe ar Ghlanchistí de bharr Sreabhadh Airgid

Glanchistí ag tús na Bliana	84,838,174	79,993,033
Glanchistí ag deireadh na Bliana	96,795,334	84,838,174
Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim sa Bhliain	11,957,160	4,845,141

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanach 3 agus 4 agus na Nótaí 1 go dtí 18.

Sínithe: 

Dáta: 17 Samhain 2020

Graham Doyle
An tArd-Rúnaí

Nótaí leis an gCuntas

1. Cáin Mhaoine Áitiúil

Is ionann an figiúr sin agus méid CMÁ a fuair Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim sa bhliain 2019. Faightear CMÁ i gcomhréir le halt 157 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012 (arna leasú le halt 54 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2017) i ngach aon bhliain airgeadais ag tosú leis an mbliain 2018, íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an CMÁ isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil (lena n-áirítear aon ús nó pionóis a íoctar air sin) a fuair siad i rith na bliana sin.

2. Maoiniú Státhchiste (Vóta 34, Fotheideal C.3)

Léiríonn an figiúr seo an t-airgead a chuir an tOireachtas ar fáil de réir Alt 4 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú le halt 17 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009. Cinneann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an tsuim gach bliain, le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

3. Íocaíochtaí Cánach Maoine Áitiúla

Léiríonn an figiúr sin íocaíochtaí a rinneadh le húdaráis áitiúla maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 de réir Chinneadh an Rialtais an Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) a choinneáil go háitiúil. Bhí na leithdháiltí bunaithe ar ioncam réamh-mheasta CMÁ 2019, agus cuireadh san áireamh freisin na cinntí a rinne 11 chomhairle na rátaí CMÁ ina gceantair féin faoi seach a athrú. Foilsítear na léithdháiltí CMÁ chuig údaráis áitiúla aonair don bhliain 2019 agus an tionchar gaolmhar ó aon chinntí athraithe áitiúla ar láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

4. Ranníocaíocht Údarás Áitiúil le Pá agus Pinsin

Léirítear san fhiigiúr sin íocaíochtaí le húdaráis áitiúla chun cúnamh le costas breise a íoc sa bhliain 2019 a bhain le leachtú reachtaíocht na mBeart Airgeadais Éigeandála um Leas an Phobail (FEMPI) agus le héifeacht charnach a bhaineann le cur chun feidhme na gComhaontuithe Pá Náisiúnta suas leis an gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus an Comhaontú sin san áireamh. Ba é an aidhm fhoriomlán leis an ranníocaíocht sin an t-ualach a mhaolú i ndáil le méaduithe sna rátaí pá d'fhoireann reatha agus le hathruithe do rátaí um Laghdú Pinsin na Seirbhíse Poiblí (LPSP) ó dheireadh 2015 mar iarmhairt dhíreach ar leachtú FEMPI.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

5. Bonneagar Uisce

Luaitear in Alt 12 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2014 nach bhfuil maoin seirbhísí uisce poiblí inráitithe chun críocha an Achta Luachála 2001. Cuireadh maoiniú €47.18m ar fáil sa bhliain 2019 (€46.81m sa bhliain 2018) mar chúiteamh do na húdaráis áitiúla as an easnamh faoi seach ina mbuiséid mar gheall ar an bhforáil sin sa reachtaíocht.

6. Nuálaíocht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil

Tabhaíodh caiteachas dearbhaithe de luach iomlán €2.4m (€3m sa bhliain 2018) i ndáil le tionscadail a bhaineann le clár éifeachtúlachta agus athchóirithe an Rialtais Áitiúil chomh maith leis an gclár Seirbhíse Poiblí níos forleithne. Tacaíonn sé le tionscadail ina dtugtar dreasachtaí don nuálaíocht agus ina gcuirtear chun cinn éifeachtúlachtaí i bhfeidhmiú agus i soláthar seirbhísí rialtais áitiúil, agus tacaíonn sé le bunú seirbhísí comhroinnte i measc údarás áitiúil. Soláthraítear iad sin tríd an Oifig Bainistíochta Tionscadail (OBT) de chuid na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Is é ról an OBT tacú le Clár Comhroinnte Seirbhíse agus Athchóirithe inchreidte agus dian a sholáthar don rialtas áitiúil agus é a threorú. Gnóthaítear an méid sin trína chinntiú go gcuirtear aon tionscadal maidir le Seirbhís Chomhroinnte nó Tionscnamh Athchóirithe ar aghaidh i gceart trí mhodheolaíocht OBT, go soláthraítear cúnaimh, tacaíocht agus teimpléid don fhoireann tionscadail agus don bhord tionscadail trí Dhoiciméad Tionscnaimh Thionscadail (DTT), forbairt Cáis Gnó, Piarmheasúnú, Tairiscint, Meastóireacht agus próiseas dámhachtana. Táthar tar éis an seachadadh seirbhíse ó roinnt de na múnlaí comhroinnte sin a leathnú le páirteanna eile den tseirbhís phoiblí a áireamh leis cosúil leis an oideachas (soláthar) agus an comhshaol (oifig maidir le hathruithe aeráide). Baineann maoiniú na Roinne le céimeanna straitéiseacha, forbartha agus forfheidhmithe na dtionscadal. Soláthraíodh maoiniú i dtaca le hocht dtionscadal sa bhliain 2019, agus Seirbhísí Comhroinnte MyPay ar an gceann ba mhó a fuair €1.5m. Táthar ag dúil go dtiocfaidh maoiniú ó earnáil an Rialtais Áitiúil féin nuair a chuirfear chun feidhme go hiomlán é.

7. Athbhreithniú ar Theorainn Rialtais Áitiúil

Tá an t-athrú le teorainn Chorcaí, an ceann is suntasaí dá chineál a rinneadh sa Stát, mar atheagrú mór den rialtas áitiúil i gCorcaigh le daonra 85,000 duine sa cheantar ábhartha á aistriú ó Chomhairle Contae Chorcaí chuig Comhairle Chathair Chorcaí. Tháinig an t-athrú teorann agus aistriú dhlínse an údaráis áitiúil i bhfeidhm go hiomlán sa dlí ar an 31 Bealtaine 2019.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

Soláthraíodh tacaíocht ón CRÁ don dá chomhairle i dtaca le costais foirne dá bhfoirne forfheidhmithe agus do Ghrúpa Maoirseachta Forfheidhmithe Chorcaí le haghaidh tacaíochta riaracháin eile nach iad.

8. Éire Chruthaitheach

Is tionscnamh chúig bliana uile-Rialtais é Éire Chruthaitheach idir na blianta 2017 agus 2022, leis an gcruthaitheacht a chur i gcroílár an bheartais phoiblí. Is clár cultúr bhunaithe é atá deartha chun folláine daoine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Is é an croí-thogra atá ann gurb í an rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht chultúrtha a spreagann an chruthaitheacht phearsanta agus chomhchoiteann, le himpleachtaí móra d'fholláine agus gnóthú daoine aonair agus na sochaí. Baineann cúig cholún leis an gclár, eadhon:

1. An Óige Chruthaitheach - Cumas Cruthaitheach gach Leanbh a Chumasú
2. Pobail Chruthaitheach - An Chruthaitheacht a Chumasú i nGach aon Phobal
3. Infheistíocht Chultúrtha - Infheistiú inár mBonneagar Cruthaitheach agus Cultúrtha
4. Tionscail Chruthaitheacha - Éire mar Lárionad Feabhais sa Chruthaitheacht
5. Cáil Dhomhanda - Náisiún Cruthaitheach agus Cultúrtha

Ranníoc an ciste díreach faoi bhun €1 mhilliún (díreach os cionn €32,000 do gach údarás áitiúil) i leith Cholún a Dó chun tacú le tionscnaimh phobail áitiúil arna seachadadh trí na húdaráis áitiúla agus trí thacaíocht do chur chun feidhme Straitéis Chultúrtha agus Chruthaitheach gach údarás áitiúil. Iarrtar ar údaráis áitiúla na torthaí seo a leanas a bhaint amach:

- rannpháirtíocht pobail ina bPlean Gníomhaíochta Cultúir agus Cruthaitheachta a éascú an oiread agus is féidir
- tacaíocht a thabhairt d'éagsúlacht d'imeachtaí/tionscadail cultúrtha áitiúla
- a áirithiú go mbeidh gach imeacht/tionscadal ionchuimsitheach, iomchuí, urramach, agus rannpháirteach le daoine de gach aois agus ó gach cúlra
- a áirithiú go mbeidh gach imeacht/tionscadal indéanta agus gur féidir iad a chomhlánú go rathúil laistigh den tráthchlár, agus
- a áirithiú gurb ionann gach imeacht/tionscadal agus luach ar airgead agus go mbaintear leas as gach maoiniú go héifeachtúil agus nach mbaintear leas as ach amháin i gcomhréir le cuspóirí an imeachta/tionscadail.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

Roghnú imeachtaí agus tionscadal cosúil le healaín do leanaí, tacaíocht do thionscadail staire áitiúla, cartlanna digiteacha de ghrianghraif áitiúla a chruthú, agus tacaíocht don damhsa traidisiúnta agus do ranganna Gaeilge dá maoiniú faoi Chlár Éire Chruthaitheach; ba faoi gach údarás áitiúil cinneadh a dhéanamh faoi, i gcomhréir le critéir roghnúcháin réamhchinnte, a dearadh chun úsáid uasta a bhaint as an maoiniú infhaighte. Maoiníodh os cionn 1,560 imeacht agus tionscnamh ar fud na tíre faoi Cholún a Dó sa bhliain 2019.

9. Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil do Chásanna Éigeandála

Léiríonn an caiteachas sin:

- An costas a bhaineann le daoine ó na húdaráis áitiúla a bheith ar iasacht leis an Stiúirthóireacht Náisiúnta um Dhóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála chun oibriú ar thograí tosaíochta. Is bealach lárnach atá éifeachtúil ó thaobh costais de í an tsamhail sin de chur chuige comhoibríoch chun an t-eolas agus an taithí atá ag cleachtóirí san earnáil údarás áitiúil a chothú ar mhaithe le beartais a chur chun feidhme. Feictear gur rud riachtanach agus iomchuí é an socrú sin a leathnú ionas go mbeidh lucht pearsanra seirbhíse dóiteáin na n-údarás áitiúil i gceannas ar chéim chur chun feidhme tionscadal tábhachtach.
- Maoiniú chur chun feidhme na gcumas Ollstórála Sonraí ar fud Údaráis Dóiteáin chun éascaíocht a dhéanamh ar bhainistiú doiciméad agus anailísiú sonraí atá comhsheasmhach ar bhonn náisiúnta sna réimsí maidir le Tionscadal Bainistíochta Mór-Éigeandálaí agus Ctrí (Ceannas, Rialú agus Cumarsáid na Seirbhíse Dóiteáin)
- Maoiniú don phleanáil theagmhasach náisiúnta maidir le héigeandálaí.

10. Scéim Cúitimh um Bloic Choincréite Lochtacha

D'fhorbair an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta scéim deontais cúnaimh airgeadais chun tacú le húinéirí tí a bhí buailte i gcontaetha Dhún na nGall agus Mhaigh Eo chun tabhairt faoi oibreacha feabhsúcháin riachtanacha do theaghaisí a ndearnadh damáiste dóibh de bharr bloc coinceáite lochtach. (I.R. Uimh. 25 de 2020 - Rialacháin maidir le Cúnamh Airgeadais do Theaghaisí dá nDearnadh Damáiste le hÚsáid Bloc Coincréite Lochtach san Fhoirgníocht (Feabhsúchán) 2020), a tháinig i bhfeidhm an 31 Eanáir 2020. Tugadh san áireamh sa phróiseas an rannpháirtíocht fhairsing a rinne an Roinn le Comhairlí Contae Dhún na nGall agus Mhaigh Eo araon, a oibreoidh agus a riarfaidh an scéim. Fuarthas aighneachtaí i mí na Samhna 2019 ó Chomhairlí Contae Dhún na nGall agus Mhaigh Eo araon inar lorgaíodh tacaíocht do chostais riaracháin a bhaineann le Scéim na mBloc Lochtach.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

Áiríodh idir ghnéithe pá agus neamhphá leis na costais a ndearnadh achoimre orthu cosúil le Dearthóireacht, Forbairt agus ceadúnú córais iarratais ar líne agus tacaíochta TFC, chomh maith le costais tuarastail le haghaidh Innealtóirí Sinsearacha, Oifigigh Feidhmiúcháin Sinsearacha agus oifigigh riaracháin. Tugadh faomhadh do chaiteachas breise ón CRÁ i mí na Nollag 2019. Áiríodh leis sin leithdháileadh €100,000 an ceann chun cúnamh le costais riaracháin a bhain le hoibriú na Scéime maidir le Bloic Choincréite Lochtacha i limistéir Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus Dhún na nGall.

11. Tacaíocht don Tionól Réigiúnach

Rinneadh an fócaíocht sin le Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair chun cúnamh leo le dliteanais phinsin ag éirí as iasacht ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta chuig an tionól.

12. An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta

Is é an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) an comhlacht maoirseachta neamhspleách náisiúnta don rialtas áitiúil in Éirinn. Bunaíodh é i mí Iúil 2014 faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 chun maoirseacht neamhspleách ar an earnáil a sholáthar (údaráis áitiúla agus comhlachtaí comhbhainteacha), lena n-áirítear Tionóil Réigiúnacha. Is fadréimseach iad feidhmeanna CNMI, a chlúdaíonn gach gníomhaíocht údaráis áitiúil agus lena mbaineann scrúdú ar fheidhmíocht i gcoitinne agus feidhmíocht airgeadais go sonrach. Tá ról ag CNMI freisin chun tacú leis an dea-chleachtas, cur chun feidhme an bheartais rialtais áitiúil náisiúnta a mhaoirsiú agus faireachán a dhéanamh ar mheastóireacht ar fheidhmiú na bpleananna corparáideacha, ar chomhlíonadh maidir le comhaontuithe seirbhíse agus athchóiriú na seirbhíse poiblí le comhlachtaí rialtais áitiúil.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

13. Pobalbhreitheanna maidir le Méaraí Dírthofa

Leagadh amach i gCuid 6 den Acht Rialtais Áitiúil 2019 an bunús reachtaíochta do na pobalbhreitheanna maidir le méaraí dírthofa le feidhmeanna feidhmiúcháin do limistéir Chomhairlí Chathair Chorcaí, Chathair agus Chontae Luimnigh agus Chathair agus Chontae Phort Láirge. Reáchtáladh na pobalbhreitheanna sna trí limistéar an 25 Bealtaine 2019, i gcomthráth leis na toghcháin áitiúla.

Bunaíodh Coiste, faoi chathaoirleacht bhreitheamh scortha na hArd-Chúirte agus le tacaíocht ó abhcóide sinsearach, le ballraíocht ó na trí údarás áitiúla, ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) agus ón Roinn air. Ba é ról an Choiste maoirsiú a dhéanamh ar fheachtas faisnéise éifeachtach tar na trí shuíomh.

Bhain an méid seo a leanas leis an bhfeachtas eolais:

- Soláthar Treorach do vótálaithe chuig tuairim is 235,000 teaghlach sna trí cheantar údaráis áitiúil
- Seisiúin faisnéise meán i ngach limistéar údaráis áitiúil agus fógraí sna meáin (raidió agus meáin i gcló)
- Cruinnithe faisnéise poiblí i ngach aon údarás áitiúil idir 14-16 Bealtaine
- Feachtas gníomhach sna meáin shóisialta agus físeáin agus láithreán gréasáin saintiomanta.

B'ionann costais fhoriomlána an fheachtais agus €150,196.

14. Coiste na Réigiún (An tAonad Gnóthaí AE)

Cuireadh maoiniú €145,802 (€256,090 sa bhliain 2018) ar fáil sa bhliain 2019 chun Toscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún (CoR) a sheirbhísiú, arna riaradh ag Aonad Gnóthaí AE atá lonnaithe i dTionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre. Tá oifigí agus foireann ag an Aonad Gnóthaí AE i mBaile Átha Cliath agus sa Bhruiséil araon, agus tacaíonn sé le toscaireacht na hÉireann le leasanna rialtais áitiúil agus réigiúnaigh ar CoR.

Is tionól AE an CoR a bunaíodh faoi chonradh agus a bhfuil feidhmeanna faoi leith aige laistigh de struchtúir reachtacha níos forleithne AE, agus tá sé comhdhéanta de thoscairí as na 28 mballstát AE. Déanann sé ionadaíocht ar an rialtas áitiúil agus réigiúnach sa phróiseas cinnteoireachta AE.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

15. Eile

Cuirtear maoiniú ar fáil freisin chun cabhrú leis na costais a bhaineann le tionscadail ilghnéitheacha mar seo a leanas a íoc:

	2019	2018
	€	€
<u>Údaráis Áitiúla</u>		
Fóram Stiúrtha Uile-Oileáin	70,524	70,458
Clár Soghluaisteachta Foirne	68,485	-
Tacaíocht d'Imeachtaí Idirnáisiúnta	50,000	200,000
	189,009	270,458
<u>Údaráis Neamh-Áitiúla</u>		
Comhpháirtíocht Áitiúil	75,000	75,000
Riaradh an Mhuirir Teaghlaigh	62,884	77,381
Muirir Bhainc	12,692	25,125
Mná don Toghchán	-	62,295
Conradh do Chuardach le haghaidh Feidhmeannach PAS	-	47,449
Líonra Oifigeach Rochtana	-	5,000
	150,576	292,250
Iomlán	339,585	562,708

16. Réamhíocaíochtaí

Soláthraíodh an réamhcistiú sin mar íocaíocht aon uaire chun cúnamh a thabhairt do Chomhairle Chathair agus Chontae Phort Láirge (€2 mhilliún) agus do Chomhairle Contae Chill Mhantáin (€300,000) leis an aistriú ón maoiniú Bonneagair Uisce toisc gur tháinig Uisce Éireann faoi dhliteanas as rátaí tráchtála ón mbliain 2020 ar aghaidh.

17. Ioncam Fabhráithe

Léiríonn sé sin ioncam fabhráithe mar seo a leanas:

	2019	2018
	€	€
Cáin Mhaoine Áitiúil	57,235	104,137
Aisíoc d'aisghabháil Chostais an Athbhreithnithe ar Theorainn Rialtais Áitiúil ó Vóta 34	1,254	-
Iomlán	58,489	104,137

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

18. Creidiúnaithe Éagsúla

Léiríonn sé seo dliteanais fhabhráithe mar seo a leanas:

	2019	2018
	€	€
Coiste na Réigiún	145,802	256,090
Pobalbhreitheanna maidir le Méara Dírthoifa	134,640	-
An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta	63,363	1,378
Costais don Teorann Rialtais Áitiúil	60,512	13,390
Nuálaíocht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil	50,605	416,689
Riaradh an Mhuirir Teaghlaigh	49,351	55,926
Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil do Chásanna Éigeandála	25,029	-
Clár Soghluaisteachta Foirne	16,642	-
Muirir Bhainc	4,031	4,929
Íocaíocht dlíte do na Coimisinéirí Ioncaim i dtaca le 2018	-	21,721
Iomlán	549,975	770,123



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste **Comptroller and Auditor General**

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Rialtais Áitiúil arna n-ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 de réir alt 3 den Acht Rialtais Áitiúil 1998. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- na beartais chuntasaíochta
- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara.

Is mo thuairimse, tugtar léiriú ceart sna ráitis airgeadais

- ar na hidirbhearta maidir leis an gCiste Rialtais Áitiúil don bhliain 2019, agus
- ar iarmhéid an Chiste amhail an 31 Nollaig 2019.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (CIIInna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san iarscríbhinn leis an tuarascáil seo. Táimse neamhspleách ón Roinn, agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidimse gur leor agus gur cuí í an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais agus maidir le cúrsaí eile

Léirigh an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuirtear síos san iarscríbhinn leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí as tuairisciú i ndáil leis an bhfaisnéis sa ráiteas, agus maidir le cúrsaí áirithe eile ar a dtuairiscimse trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam air maidir leis na nithe sin.



Seamus Mc Carthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Dáta: 19 Samhain 2020

Iarscríbhinn leis an Tuarascáil

Freagrachtaí na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Is í an Roinn atá freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú san fhormáid a shonraíonn an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i gcomhréir le halt 3 den Acht Rialtais Áitiúil 1998 agus as rialacht na n-idirbheart a áirithiú

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ní foláir dom de réir alt 3 den Acht iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais leis an gCiste Rialtais Áitiúil agus tuairisc faoin méid sin a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir ag tabhairt faoin iniúchadh ráthaíocht réasúnta a fháil an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard ráthaíochta í ráthaíocht réasúnta, ach ní dearbhráthaíocht í go mbraithfear in iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na CIlInna míráiteas ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míráitis teacht as calaois nó earráid, agus meastar iad a bheith ina míráitis ábhartha, dá mba rud é go mbeifí ag dúil go réasúnta ina n-aonar nó ina gcomhiomláine go bhfeidhmeoidís tionchar ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlacfaí ar bhunús na ráiteas airgeadais sin.

Is mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na CIlInna a chleachtaíomse mo bhreithiúnas gairmiúil agus a choinníomse sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus an méid sin ar siúl agam,

- Aithníomse agus déanaimse measúnú ar na rioscaí de mhíríteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, bíodh sé de bharr calaoise nó earráide; nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i gcrích ar nósanna iad a bheidh freagrúil do na rioscaí sin; agus fianaise iniúchóireachta a fháil ar leor agus cuí í chun bunús a sholáthar do mo thuairimse. Is airde an riosca neamhbhraite míráitis ábhartha a éireodh as calaois ná an riosca neamhbhraite míráitis de bharr earráide, óir go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aonghnó, mífhaisnéis, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist leis an gcalaois.
- Faighimse mo thuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh arb iomchuí sna himthosca iad, seachas chun na críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaimse meastóireacht ar chuibhiúlacht na mbeartas cuntasaíochta as ar baineadh leas agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.

Bímse i dteagmháil leis an Roinn i ndáil le, i measc nithe eile, raon feidhme agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha maidir le rialú inmheánach a aithním i rith m'iniúchta.

Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais a léirítear sna ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál ráthaíochta faoin tátal a bhaintear as sin.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ní mór dom de réir na Cllna an ráiteas léirithe maidir le rialú inmheánach airgeadais a léamh, agus breithiúnas a dhéanamh lena linn sin an bhfuil an fhaisnéis ansin neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas i rith an iniúchta, nó má dhealraítear ar bhealach éigin eile gur míráiteas ábhartha atá inti.

Más rud é, ar bhunú na hoibre a rinne mé, a mbainimse de thátal aisti go bhfuil míráiteas ábhartha den fhaisnéis sin ann, ní foláir dom an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú maidir le cúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a cheanglaítear ar chomhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscímse amhlaidh má aithnímse nithe ábhartha i dtaca leis an mbealach ina ndearnadh an gnó poiblí.

Féachaimse chun fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscímse amhlaidh má aithním aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch a bhí ceaptha dó nó nár chomhlíon na hidirbhearta leis na húdaráis lena rialaítear iad.

Tuairiscímse trí eisceacht freisin, más rud é i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniú a d'fhiafraigh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leordhóthanach iad na taifid chuntasaíochta chun ceadú d'iniúchadh réidh agus ceart na ráiteas airgeadais, nó
- mura dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

tithiocht.gov.ie

